Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Eanáir 2024
(OR. en)

16005/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0450(NLE)**

**POLCOM 289**
**SERVICES 60**
**COASI 216**
**TELECOM 383**
**DATAPROTECT 365**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch |

**CINNEADH (AE) .../... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) .../...[2+] ón gComhairle, síníodh an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch ('an Prótacal') a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí an ...[++], faoi réir a thabhairt i gcrích tráth is faide anonn.

(2) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus thug an Maoirseoir tuairim an ...[4].

(3) Ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

2 Cinneadh (AE) .../... ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch (IO L, ..., ELI: ...).

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an chinnidh atá i ndoiciméad st 16004/23 agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin san fhonóta.

++ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail i ndoiciméad st 16006/23.

3 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

4 IO C, ..., ELI: ... .

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch a fhormheas thar ceann an Aontais[5].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 23.2 den Chomhaontú idir an tAontas agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, chun toiliú an Aontais Eorpaigh a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal[6] a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[5] Foilsítear téacs an Phrótacail in ... [*cuir isteach tagairt IO*].
[6] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.